2020. M40T 2020L024A1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2020

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCTA – ARDLEIBHÉAL

2 uair 30 nóiméad

Freagair **sé** cheist ar bith.
Tá 60 marc ag gabháil le Ceist 1.
Tá 48 marc ag gabháil le gach ceist eile.
Scríobh do chuid freagraí go léir sa fhreagarleabhar.

**Iomlán na marcanna: 300 marc**

**1.** Freagair **sé** cinn ar bith de na codanna (a) - (j).

(a) (i) Cad is ciall leis an téarma *fiaile dhíobhálach*?
(ii) Tabhair **dhá** shampla d'fhiailí díobhálacha.

(b) (i) Cad is ciall leis an téarma *meiteamorfóis neamhiomlán*?
(ii) Tabhair sampla **amháin** de mheiteamorfóis neamhiomlán.

(c) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis leis an gcleachtas crainn foraoise a thanú.

(d) Tarraing léaráid lipéadaithe chun leagan amach na bhfíochán soithíoch i bhfréamh dhéchotailéadónach a thaispeáint.

(e) Luaigh ionad **gach** cheann de na codanna seo a leanas i gcorp an mhamaigh:

(i) Húiméireas
(ii) Faireog phiotútach
(iii) Capsúl Bowman
(iv) Ceirbheacs.

(f) Mínigh i nGaeilge **gach** cheann de na téarmaí seo a leanas:

(i) *Dagging*
(ii) Clibeáil.

(g) Déan cur síos ar an tslí a bhfuil struchtúr blátha féir in oiriúint don ghaothphailniú.

(h) Luaigh an tréimhse iompair, i laethanta, i dtaca le **gach** cheann de na hainmhithe feirme seo a leanas:

(i) Bó
(ii) Caora
(iii) Muc.

(i) Rangaigh **gach** cheann díobh seo a leanas i bpríomhchineál carraige:

(i) Slinn
(ii) Eibhear
(iii) Aolchloch.

(j) Mínigh an chúis le gráinní eorna a rolladh sula dtugtar mar bhia d'eallach é.

**(60 marc)**

**2.** (a) Is dhá phróiseas ar leith iad stroighniú agus deighilt a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt struchtúr ithreach.

(i) Cad is ciall le **gach** ceann ar leith de na téarmaí *stroighniú* agus *deighilt*?
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc ar bith a chuireann le stroighniú.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc ar bith a chuireann le deighilt.

(b) Is tréith cheimiceach thábhachtach ag ithir an cumas malartaithe caitian (CEC).

(i) Cad a chiallaíonn an téarma *cumas malartaithe caitian*?
(ii) Bíonn an cumas malartaithe caitian níos ísle in ithreacha gainmheacha ná in ithreacha créúla. Tabhair **dhá** chúis leis sin.
(iii) Déan cur síos ar mhodh trínar féidir an cumas malartaithe caitian a mhéadú in ithir.

(c) Déan cur síos ar thurgnamh chun láithreacht mianra ithreach **ainmnithe** a thástáil.

**(48 marc)**

**3. Rogha a hAon.**

(a) Déan comparáid idir **dhá** fhiontar táirgthe caorach **ainmnithe** a chleachtar go coitianta in Éirinn.

(b) Gné thábhachtach de bhainistiú maith tréada is ea ullmhúchán le linn pórúcháin. Déan plé ar **cheithre** ghné ar bith d'ullmhúchán tréada roimh chúpláil.

(c) Is gné ghnách de riar caorach an srianadh paraisítí inmheánacha agus seachtracha. Déan cur síos ar **cheithre** mhodh ar bith chun paraisítí **ainmnithe** a shrianadh i gcaoirigh.

**(48 marc)**

**NÓ**

**3. Rogha a Dó.**

(a) (i) Déan plé ar **dhá** ghné a bhfuil tionchar acu ar láthair gheografach an táirgthe gránbharr in Éirinn.
(ii) Síolaítear gránaigh in Éirinn chun barra geimhridh nó barra earraigh a fhás. Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** dhifríocht idir fás gránbharr geimhridh agus gránbharr earraigh.

(b) Déan cur síos ar shaothrú prátaí **nó** bairr fréimhe **ainmnithe** faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Oiriúnacht na hithreach
(ii) Rogha cineáil
(iii) Barr (táirgeacht)
(iv) Úsáidí.

(c) Is féidir fiailí, lotnaidí agus galair a shrianadh i mbarra ar shlite díreacha nó indíreacha. Déan cur síos ar aon **dá** mhodh srianta dhírigh agus aon **dá** mhodh srianta indírigh.

**(48 marc)**

**4.** I gcás aon **dá** cheann díobh seo thíos, déan cur síos ar mhodh saotharlainne nó ar mhodh allamuigh chun:

(a) Líocha éagsúla a bhaint as sampla féir.

(b) Gníomhaíocht einsíme ainmhí **ainmnithe** a thaispeáint.

(c) Ribeadas i samplaí ithreach a chur i gcomparáid lena chéile.

(d) Táirgeacht bairr fréimhe **ainmnithe** in aghaidh an heicteáir a mheas.

**(48 marc)**

**5.** (a) Baineann tábhacht mhór leis an tréimhse sheasc i bhfeidhmíocht fhoriomlán na bó déiríochta.

(i) Tabhair cuntas achomair ar **dhá** chúis a bhfuil tábhacht leis an tréimhse sheasc.
(ii) Déan cur síos ar **dhá** ghné de bhainistiú na bó déiríochta le linn na tréimhse seisce.

(b) Tá an brath teasa cruinn ríthábhachtach in úsáid an inseamhnaithe shaorga (IS) sa tréad déiríochta.

(i) Déan cur síos ar **dhá** mhodh ar bith chun teas a bhrath.
(ii) Tabhair **dhá** bhuntáiste le húsáid IS sa tréad déiríochta.

(c) Is féidir le caighdeán sláinteachais agus comhshuíomh an bhainne tionchar a imirt ar an bpraghas in aghaidh an lítir a íoctar leis an bhfeirmeoir.

Déan cur síos ar **dhá** thástáil ar bith a dhéantar ar bhainne chun an caighdeán sláinteachais nó an comhshuíomh a dhearbhú. I gcás gach tástáil acu, abair go soiléir an é an caighdeán sláinteachais nó an comhshuíomh atá á dhearbhú.

**(48 marc)**

**6.** (a) Is e an síolchur díreach an tslí thraidisiúnta chun síol féir a chur in Éirinn.

Maidir le síolchur díreach féir:

(i) Déan cur síos ar na céimeanna a bhíonn i gceist in ullmhú ceapach síl.
(ii) Déan cur síos ar an tslí a gcuirtear an síol.
(iii) Mínigh an tairbhe a bhaineann leis an modh saothraithe seo in ithir dhúrabháin.

(b) Is féidir a rá gur tairbhe mhór don talmhaíocht, ach tairbhe níos lú don timpeallacht, atá san innilt bhanraí.

(i) Tabhair **dhá** bhuntáiste leis an innilt bhanraí i dtáirgeadh beostoic.
(ii) Mínigh **dhá** shlí ina bhfeadfadh an innilt bhanraí a bheith díobhálach don timpeallacht.

(c) Cuir i gcomparáid na modhanna codarsnacha caomhnaithe i sábháil féir agus i ndéanamh sadhlais.

**(48 marc)**

**7.** (a) Is cineálacha cilldeighilte a tharlaíonn i ngach orgánach a bhfuil tábhacht leis sa talmhaíocht iad an mhiotóis agus an mhéóis.
Déan cur síos, le cúnamh léaráidí lipéadaithe, ar chéimeanna na miotóise.

(b) Tarlaíonn an mhéóis le linn do na gaiméití fireannacha agus baineannacha a bheith á dtáirgeadh.

(i) Mínigh an tábhacht leis an méóis i dtáirgeadh na ngaiméití.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar an gcrosmhalartú a tharlaíonn le linn na méóise agus mínigh an tábhacht atá leis.

(c) Sa phlanda pónaire, tá an duille maol (M) ceannasach ar an duille clúmhach (m), agus tá an peitín díreach (D) ceannasach ar an bpeitín bíseach (d). Rinneadh planda pónaire, a bhí heitrisigeach maidir leis an dá riocht, a fhéintoirchiú; bailíodh na síolta agus péacadh iad agus fásadh iad gur tháinig siad in inmhe.

(i) Tabhair breac-chuntas ar shonraí na crosála seo.
(ii) Luaigh cén chomhréir de phlandaí an tsleachta a mbeifeá ag súil lena feiceáil le:
1. Duille maol
2. Peitín díreach
3. Peitín bíseach
4. Duille maol in éineacht le peitín bíseach.

**(48 marc)**

**8.** Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b), (c).

(a) Deirtear gurb í an talmhaíocht an fhoinse is mó a chuireann le hastuithe gás ceaptha teasa in Éirinn.

(i) Bain úsáid as léaráid lipéadaithe chun an timthriall carbóin a thaispeáint.
(ii) Agus tagairt á déanamh agat don timthriall carbóin, mol **dhá** shlí ina bhféadfaí na hastuithe ón talmhaíocht a laghdú chun cuidiú le spriocanna na hÉireann a bhaint amach maidir leis an athrú aeráide.

(b) Is féidir go mbeadh ró-úsáid antaibheathach chun galair bhaictéaracha a shrianadh in ainmhithe feirme ina shiocair acu seo agus ag baictéir eile éirí frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach.

(i) Ainmnigh **dhá** ghalar bhaictéaracha choitianta in ainmhithe feirme a chóireáiltear le hantaibheathaigh.
(ii) Tabhair cuntas achomair ar an tslí a bhforbraíonn frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach i mbaictéir.
(iii) Mol modh srianta galar seachas úsáid antaibheathach.

(c) Déan idirdhealú soiléir idir na baill in aon **trí** cinn de na péirí téarmaí seo a leanas:

(i) Córais díleá *athchogantacha* agus *monagastracha*
(ii) *Trasghalú* agus *trasghluaiseacht*
(iii) *Sreabhadh sáithithe* agus *sreabhadh neamhsháithithe* in ithreacha
(iv) *Péacadh hipigéach* agus *péacadh eipigéach*.

**(48 marc)**

**9.** Tabhair míniúcháin eolaíochta ar **cheithre** cinn ar bith díobh seo a leanas:

(a) Luatheascairt prátaí céadfhómhair.

(b) Grean a bheith i láthair i gconair dhíleá éanlaithe clóis.

(c) Líon mór cótaí leathair i ngránbharra, i ndiaidh féir.

(d) Treabhadh domhain ar ithir phodsail.

(e) Cion nítrigine méadaithe i sciodar ó eallach a gcuirtear bailchríoch orthu sa gheimhreadh.

**(48 marc)**

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo